



Lúbra Airgid

Céim	Snáithe	Snáithaonad
3	Tomhais	Airgead

Torthaí Foghlama	Coincheapa Matamaitice
Trí eispéiris chuí spráíúla agus rannpháirteacha foghlama, ba cheart go mbeadh na leanaí in ann eolas ar chóras bhonn a deich a aistriú mar uimhir go dtí roinnt comhthéacsanna airgeadaíochta, agus a úsáid ar mhaithe leis an ríomh.	- Is féidir oibríochtaí feidhmithe a úsáid chun ríomhanna airgid a mheas agus a fháil amach. - Is féidir idirbhearta agus ríomhanna airgid a thaifeadadh ar bhealaí éagsúla.

Matamaitic á Foghlaim

San eispéireas foghlama seo, bíonn sé de dheis ag na foghlaimeoirí ceithre oibríocht mhatamaiticiúla a chleachtadh ach airgead a úsáid ar bhealach spráíúil agus idirghníomhach. Forbraíonn na foghlaimeoirí straitéis taifeadta chun cuntas a choinneáil ar a ndul chun cinn tríd an lúbra, agus cinntíonn siad gur bhain siad triail as na roghanna féideartha ar fad. Téann na foghlaimeoirí tríd an lúbra, agus bailíonn agus caillean siad airgead agus iad ag dul tríd. Ní féidir leo dul trí aon chill níos mó ná uair amháin agus caithfidh siad dul trí bhearna chun dul isteach i gcill. Sula gcuirtear tús leis an gcluiche, déanann na foghlaimeoirí cinneadh más é an buaiteoir, an duine ag a mbeidh an méid is mó airgid aige nó an méid is lú airgid aige.

Tuiscint agus Ceangal	Cumarsáid	Réasúnaíocht	Cur i bhfeidhm agus Fadhbanna a Réiteach
<i>An foghlaimeoir</i>			
Ríomhann sé méideanna airgid ach úsáid a bhaint as ceithre oibríocht mhatamaiticiúla: suimiú, dealú, iolrú agus roinnt.	Coinníonn sé taifead d'áirimh airgid mar uimhir-abairtí.	Roghnaíonn sé straitéisí meabhracha cuí chun réada a ríomh agus a mheas chun dul tríd an lúbra go córasach.	Déanann sé iniúchadh ar raon spreagthaí chun tuiscint níos doimhne ar airgead a fhorbairt (catalóga, admhálacha, liostaí praghsanna etc.).





Matamaitic á Teagasc	
Meon Táirgiúil a Chothú	Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic
Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí dul sa seans agus chun leanúint ar aghaidh chun bealach amháin a fháil ar a laghad chun dul tríd an lúbra airgid.	Cuir teanga mhatamaiticiúil i láthair agus athneartaigh í agus í ag teacht chun cinn tríd an gcluiche (ríomh, méadaigh, laghdaigh, dúbail, caill, caith) etc.

Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil
Spreag indibhidiúlacht, rogha agus neamhspleáchas agus bealaí á roghnú ag an bhfoghlaimeoir.

Tascanna atá Dúshlánach go Cognaíoch a Úsáid	Comhrá Mata a Chur Chun Cinn
Lig do na foghlaimeoirí a bheith ag streachailt le smaointe go neamhshrianta agus fadhbanna a bhfuil roinnt conairí réiteach cearta i gceist leo a fhiosrú. Bíodh ionchais arda agat maidir lenar féidir leis na foghlaimeoirí a thuiscint, a dhéanamh, agus a chur in iúl. Athraigh an t-eispéireas trí spreagadh a thabhairt do na foghlaimeoirí a leagan féin den lúbra a chruthú agus chun codáin agus uimhreacha deachúla a thabhairt isteach ann, e.g. $\frac{1}{5}$ de €50, 0.25 de €20 etc.	Bain úsáid as ceistiúchán straitéiseach chun tuiscint mhatamaiticiúil na bhfoghlaimeoirí a spreagadh. D'fhéadfaí go n-áireofaí ar na ceisteanna samplacha; • Cén chaoi a ndéanfaidh tú taifead ar na bealaí a fuair tú? • Cé mhéad bealach inar féidir bogadh ón gcéad chearnóg? • Céard é an bealach a bhfuil an t-airgead is mó le fáil ann? Cé mhéad é sin? • An bhfuil tú in ann bealach a léiriú chun brabús de €100 a shaothrú?

Measúnú a Dhéanamh ar Mhatamaitic
• An bhfuil an foghlaimeoir in ann bealach a léiriú inar féidir taifead a dhéanamh ar na bealaí a roghnaíodh? • An bhfuil an foghlaimeoir in ann na ceithre oibríocht mhatamaiticiúla a chur i bhfeidhm agus ríomh ar bun aige? • An bhfuil an foghlaimeoir in ann na bealaí a roghnaíodh a chur in iúl agus a léiriú?

Foinse
Curtha in oiriúint ó https://nrich.maths.org/2648



Aistrithe ó <https://nrich.maths.org/2648>